26/02/2025
ESMA35-1872330276-2030

# Treoirlínte

Maidir le cásanna ina meastar go bhfuil gnólacht tríú tír ag sireadh cliant atá bunaithe nó lonnaithe san Aontas agus maidir leis na cleachtais mhaoirseachta chun teacht timpeall ar an díolúine i leith sirtheoireacht droim ar ais faoin Rialachán maidir le Margaí i gCripteashócmhainní (MiCA) a bhrath agus a chosc

## Clár na n-ábhar

1. Raon feidhme ... 1
2. Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínithe ... 1
 2.1 Tagairtí reachtacha ... 1
 2.2 Giorrúcháin ... 2
 2.3 Sainmhínithe ... 2
3. Cuspóir ... 3
4. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe ... 4
 4.1 Stádas na dtreoirlínte ... 4
 4.2 Ceanglais maidir le tuairisciú ... 4
5. Treoirlínte maidir le sirtheoireacht cliant ag gnólachtaí tríú tír ... 5
 5.1 Modhanna sirtheoireachta (Treoirlíne 1) ... 5
 5.2 Sirtheoireacht daoine (Treoirlíne 2) ... 7
 5.3 Tionscnamh de chuid an chliaint féin amháin (Treoirlíne 3) ... 8
 5.4 An cás inar den chineál céanna iad cripteashócmhainn nó seirbhís cripteashócmhainní amháin agus ceann eile (Treoirlíne 4) ... 9
6. Treoirlínte maidir leis na cleachtais mhaoirseachta chun dul timpeall ar an díolúine i leith sirtheoireacht droim ar ais a bhrath agus a chosc ... 11
 6.1 Faireachán a dhéanamh ar eintitis a dhíríonn ar chliaint atá bunaithe nó lonnaithe san Aontas nó atá gníomhach san Aontas (Treoirlíne 1) ... 11
 6.2 Comhoibriú le húdaráis eile (Treoirlíne 2) ... 11
 6.3 Freagairt do ghearáin ó chliaint nó do sceithirí (Treoirlíne 3) ... 12
Iarscríbhinn – Liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí d'imthosca inar dócha go measfar go bhfuil gnólacht tríú tír ag sireadh cliant san Aontas ... 13

# 1. Raon feidhme

**Cé atá i gceist?**

1. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le húdaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1)(35) de MiCA agus, i ndáil le Roinn 5, gnólachtaí tríú tír.

**Cad atá i gceist?**

2. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le hAirteagal 61 de MiCA.

**Cén uair?**

3. Tá feidhm ag na treoirlínte seo 60 lá féilire ó dháta a bhfoilsithe ar shuíomh gréasáin ESMA i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais.

# 2. Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínithe

## 2.1 Tagairtí reachtacha

| | |
|---|---|
| MiCA | Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937[1]. |
| Rialachán ESMA | Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún[2] |

[1] IO L 150, 9.6.2023, lch. 40.
[2] IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.

## 2.2 Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| AE | An tAontas Eorpach |
| CEMA | An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais |
| ESMA | An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí |

## 2.3 Sainmhínithe

| | |
|---|---|
| *Gnólacht tríú tír* | Gnólacht a bheadh faoi réir Airteagal 59 de MiCA dá mba san Aontas a bheadh a cheannoifig nó a oifig chláraithe lonnaithe |

## 3. Cuspóir

4. Tá na treoirlínte seo bunaithe ar Airteagal 61(3) de MiCA. Is é is cuspóir leis na treoirlínte seo cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh de CEMA agus cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach na bhforálacha in Airteagal 61 de MiCA a áirithiú.

5. Go háirithe, tá sé d'aidhm acu cóineasú níos fearr a chur chun cinn maidir le léiriú a dhéanamh ar na cásanna ina meastar go ndéanann gnólacht tríú tír cliaint atá bunaithe nó lonnaithe san Aontas a shireadh, agus maidir le cineálacha cur chuige maoirseachta ina leith sin. Ina theannta sin, chun cóineasú a chothú agus chun maoirseacht chomhsheasmhach a chur chun cinn i ndáil leis an mbaol go mbainfí mí-úsáid as Airteagal 61 de MiCA, tá sé d'aidhm ag na treoirlínte seo freisin cleachtais mhaoirseachta áirithe a chur chun cinn chun teacht timpeall ar MiCA a bhrath agus a chosc.

# 4. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

## 4.1 Stádas na dtreoirlínte

6. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte seo a chomhlíonadh.

7. Ba cheart d'údaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo iad a chuimsiú ina gcreataí náisiúnta dlíthiúla agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí.

## 4.2 Ceanglais maidir le tuairisciú

8. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ní mór do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo fógra a thabhairt do ESMA maidir le cé acu (i) an bhfuil na treoirlínte a gcomhlíonadh acu, (ii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ach go bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh acu agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh.

9. I gcás neamhchomhlíonadh, ní mór do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt do ESMA freisin laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais faoi na cúiseanna atá acu gan na treoirlínte a chomhlíonadh.

10. Tá teimpléad le haghaidh fógraí a thabhairt ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA. Nuair a bheidh an teimpléad líonta isteach, déanfar é a tharchur chuig ESMA.

# 5. Treoirlínte maidir le sirtheoireacht cliant ag gnólachtaí tríú tír

## 5.1 Modhanna sirtheoireachta (Treoirlíne 1)

11. Ba cheart forléiriú leathan a dhéanamh ar shirtheoireacht cliant ag gnólachtaí tríú tír, agus é a fhorléiriú ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de.

12. Áirítear leis an tsirtheoireacht seirbhísí nó gníomhaíochtaí cripteashócmhainní a chur chun cinn, a fhógairt nó a thairiscint do chliaint nó do chliaint ionchasacha san Aontas ar bhealach ar bith. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas, i measc eile, a bheith san áireamh leis sin:

- fógraí idirlín,
- bróisiúir,
- glaonna teileafóin,
- teachtaireachtaí ríomhphoist,
- fógraí meirge, míreanna aníos agus/nó uirlisí comhchosúla ar shuíomhanna gréasáin agus ar na meáin shóisialta,
- cruinnithe aghaidh ar aghaidh,
- preaseisiúintí,
- modhanna fisiciúla nó leictreonacha eile, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin, ardáin meán sóisialta, feidhmchláir mhóibíleacha,
- rannpháirtíocht i seónna bóthair agus in aontaí trádála,
- cuirí chuig imeachtaí,
- feachtais chleamhnachta,
- athdhíriú fógraíochta,
- cuirí chun foirm freagartha a líonadh isteach nó chun cúrsa oiliúna a dhéanamh,

- ardáin teachtaireachtaí,
- socruithe urraíochta.

13. D'fhéadfadh sirtheoireacht a bheith i gceist freisin le promóisin, fógraí, margaíocht agus tairiscintí de chineál ginearálta amhail fógraí faoi bhranda, ar cinn iad atá dírithe ar an bpobal (agus a shroicheann líon mór, fairsing daoine).

14. Ba cheart d'údaráis inniúla náisiúnta fíorais agus imthosca uile an cháis a bhreithniú chun a mheas an bhfuil gnólacht tríú tír ag sireadh cliant atá bunaithe nó lonnaithe san Aontas.

15. Féach an Iarscríbhinn a ghabhann leis seo le haghaidh samplaí d'imthosca inar dócha go measfar go bhfuil gnólacht tríú tír ag sireadh cliant san Aontas.

16. Aithníonn ESMA go bhfuil imthosca ann ina bhféadfaí a mheas freisin go bhfuil gnólachtaí tríú tír ag sireadh cliant san Aontas, cé nach go eisiach é.[3] Sna cásanna sin, féadfaidh an gnólacht tríú tír bearta réamhchúraim a dhéanamh lena áirithiú nach sáróidh sé na ceanglais údarúcháin faoi MiCA trí staonadh ó aon seirbhísí nó gníomhaíochtaí cripteashócmhainní a sholáthar do chliaint san Aontas. Chun é sin a dhéanamh, féadfaidh an gnólacht tríú tír, mar shampla, gan glacadh le cuntais nua de chuid cliant san Aontas nó geobhlocáil[4] a dhéanamh ar na modhanna rochtana ar a sheirbhísí nó a ghníomhaíochtaí cripteashócmhainní.

17. Níor cheart a mheas go bhfuil sirtheoireacht i gceist le hábhair oideachasúla, oiliúint ná imeachtaí tionscail nach mbaineann leo ach gné oideachasúil nó atá dírithe ar eolas a chomhroinnt faoi bhunteicneolaíochtaí nó nuálaíochtaí an tionscail. Mheasfaí go mbeadh sé d'éifeacht ag ábhair oideachasúla, oiliúint, agus imeachtaí tionscail go gcuirfí chun cinn an gnólacht tríú tír nó a sheirbhísí nó a ghníomhaíochtaí cripteashócmhainní, go díreach nó go hindíreach, i gcás, mar shampla, ina ndírítear an lucht féachana chuig suíomh gréasáin an ghnólachta tríú tír, ina dtugtar na modhanna rochtana ar na seirbhísí

[3] Mar shampla, d'fhéadfadh gnólacht tríú tír a bheith ag déanamh urraíocht ar chomórtas idirnáisiúnta spóirt ina bhféadfadh foirne náisiúnta de chuid na mBallstát nó lúthchleasaithe ón Aontas a bheith páirteach. Ní chuireann MiCA cosc ar chomhaontuithe urraíochta den sórt sin. Mar thoradh air sin, áfach, ba cheart a mheas go bhfuil an gnólacht ag sireadh cliant san Aontas agus, dá bhrí sin, ní bheadh sé in ann tairbhiú den díolúine i leith sirtheoireacht droim ar ais.

[4] Mar shampla, má tá rochtain ar shuíomh gréasáin an ghnólachta tríú tír geobhlocáilte do chliaint san Aontas ag a bhfuil seoladh IP de thionscnamh an Aontais agus mura raibh feidhmchlár móibíleach an ghnólachta tríú tír ar fáil do thíortha an Aontais i siopaí feidhmchlár móibíleach.

a thairgeann an gnólacht tríú tír, ina dtugtar amach bróisiúir a bhfuil baint acu leis na seirbhísí cripteashócmhainní, ina n-iarrtar ar an lucht féachana próifíl chliaint a líonadh isteach nó ina gcuirtear seirbhísí an ghnólachta tríú tír chun cinn ar shlí ar bith eile.

## 5.2 Sirtheoireacht daoine (Treoirlíne 2)

18. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh go bhféadfadh sirtheoireacht tarlú beag beann ar an duine trína ndéantar í.

19. Is féidir gurb é an gnólacht tríú tír féin nó aon duine atá ag gníomhú thar a cheann nó a bhfuil dlúthnasc aige leis an ngnólacht tríú tír a dhéanfaidh an tsirtheoireacht[5]. Is féidir gur duine atá ag gníomhú thar ceann gnólacht tríú tír atá i mbun sirtheoireachta: i) go sainráite de bhua conartha; nó ii) go hintuigthe trí chomhaontú neamhfhoirmiúil.

20. Is féidir tionchairí, mar a thugtar orthu, a áireamh ar na daoine sin. Ar na comharthaí go bhfuil duine ag gníomhú thar ceann gnólacht tríú tír, féadfar a áireamh, mar shampla, an lucht féachana a bheith á dhíriú chuig suíomh gréasáin an ghnólachta tríú tír, soláthar na modhanna rochtana ar na seirbhísí a thairgeann an gnólacht tríú tír, margaí promóisin a bheith á dtairiscint nó lógó an ghnólachta tríú tír a bheith ar taispeáint. Má sholáthraíonn an gnólacht tríú tír aon chineál luacha saothair nó sochair (airgid nó neamhairgid) don tríú páirtí, is féidir leis sin a bheith ina léiriú láidir go bhfuil an tríú páirtí ag gníomhú thar ceann an ghnólachta tríú tír. Ní gá go bhfágfadh easpa luacha saothair ná sochair, áfach, go gcuirfí as an áireamh go bhféadfadh an duine a bheith ag gníomhú thar ceann an ghnólachta tríú tír.

21. Níor cheart a mheas, ar an lámh eile, gur sirtheoireacht ag an ngnólacht tríú tír nó thar a cheann atá i gceist le hathbhreithnithe féintionscnaimh ar sheirbhísí nó gníomhaíochtaí cripteashócmhainní gnólachta tríú tír (a fhad is nach thar a cheann a dhéantar na hathbhreithnithe). Ní féidir a mheas, áfach, gur athbhreithnithe 'féintionscnaimh' iad athbhreithnithe den sórt sin ach amháin sa chás nach bhfuil an gnólacht tríú tír ar an eolas faoin athbhreithniú agus nár thoiligh sé leis, nár spreag sé é ná nár éascaigh sé dó ar shlí eile.

22. Ba cheart a mheas gur sárú ar MiCA é soláthar seirbhísí cripteashócmhainní tar éis sirtheoireacht a dhéanann duine nó eintiteas a rialáiltear san Aontas thar ceann gnólacht tríú tír. Mar shampla, níor cheart d'institiúid creidmheasa, gnólacht infheistíochta ná soláthraí seirbhísí íocaíochta san Aontas cliaint a atreorú (trína shuíomh gréasáin nó a

[5] Mar a shainmhínítear é in Airteagal 3(31) de MiCA.

suíomh gréasáin, mar shampla) chuig seirbhísí cripteashócmhainní curtha ar fáil ag gnólacht tríú tír. Tá feidhm aige sin cibé acu an bhfuil an gnólacht tríú tír sin ina chuid den ghrúpa céanna nó nach bhfuil.

## 5.3 Tionscnamh de chuid an chliaint féin amháin (Treoirlíne 3)

23. Níor cheart a mheas go bhfuil cliaint á sireadh ag gnólacht más rud é gur ar thionscnamh an chliaint féin amháin a sholáthraítear an tseirbhís nó an ghníomhaíocht cripteashócmhainní.Ba cheart 'tionscnamh an chliaint féin amháin' a fhorléiriú ar bhealach cúng.

24. Ba cheart an measúnú i dtaobh cé acu an ndearna soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní cliant a shireadh nó arb é an cliant féin amháin a thionscain an teagmháil a bheith ina mheasúnú fíorasach. Ní féidir le socruithe conarthacha ná séanta fíorais chontrártha a shárú.

25. Tá an díolúine i leith sirtheoireacht droim ar ais bunaithe air gur ar thionscnamh an chliaint féin amháin a sholáthraítear an táirge, an tseirbhís nó an ghníomhaíocht cripteashócmhainní. Fágann Airteagal 61(2) de MiCA gur féidir leis an ngnólacht tríú tír cripteashócmhainní nó seirbhísí nó gníomhaíochtaí cripteashócmhainní den chineál céanna a mhargú don chliant sin. Tá feidhm fós, áfach, ag an gceanglas gur ar thionscnamh an chliaint féin amháin a sholáthrófaí na seirbhísí cripteashócmhainní.

26. Dá réir sin, baineann tábhacht le tráth na hiarrata ón gcliant agus an tráth a ndéantar seirbhísí nó gníomhaíochtaí cripteashócmhainní eile den chineál céanna a thairiscint, a chur chun cinn nó a fhógairt. Dá bhrí sin, ba cheart an fhoráil sin a fhorléiriú sa chaoi nach gceadaítear do ghnólachtaí tríú tír tuilleadh cripteashócmhainní ná seirbhísí nó gníomhaíochtaí cripteashócmhainní a thairiscint don chliant, fiú más den chineál céanna iad na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí sin agus an ceann nó na cinn a d'iarr an cliant ar dtús, ach amháin más i gcomhthéacs an idirbhirt bhunaidh a thairgtear iad.

27. Mar shampla, má dhéanann an cliant teagmháil leis an ngnólacht tríú tír chun cripteashócmhainn X a cheannach, féadfaidh an gnólacht – ag an bpointe ama sin – cripteashócmhainní den chineál céanna a mhargú do na cliaint. Ní bheadh an gnólacht tríú tír i dteideal tuilleadh idirbheart a bhaineann le cripteashócmhainní X ná idirbhearta a bhaineann le cripteashócmhainní comhchosúla a mhargú leis an gcliant mí ina dhiaidh sin, áfach.

28. Ba cheart do ghnólachtaí tríú tír a bheith in ann taifid a sholáthar lena rianaítear an caidreamh leis an gcliant agus, go háirithe, lena léirítear an ar thionscnamh an chliaint féin a bhain sé leas as seirbhísí cripteashócmhainní i ndáil le táirge nua.

## 5.4 An cás inar den chineál céanna iad cripteashócmhainn nó seirbhís cripteashócmhainní amháin agus ceann eile (Treoirlíne 4)

29. Fágann an córas sirtheoireachta droim ar ais gur féidir le gnólacht tríú tír cripteashócmhainní nó seirbhísí nó gníomhaíochtaí cripteashócmhainní den chineál céanna a mhargú i gcomhthéacs an chaidrimh ar cuireadh tús leis ar thionscnamh cliaint ar leith amháin, faoi réir an choinníll nach mór don ghnólacht tríú tír Treoirlíne 3 thuas a chomhlíonadh freisin.

30. I gcás inar mian leis an ngnólacht tríú tír leas a bhaint as an bhféidearthacht sin, ba cheart dó a mheas, de réir an cháis, an den chineál céanna iad cripteashócmhainní nó seirbhísí nó gníomhaíochtaí cripteashócmhainní, agus aird á tabhairt aige ar ghnéithe amhail (i) catagóir na cripteashócmhainne nó na seirbhíse nó na gníomhaíochta cripteashócmhainní a thairgtear agus (ii) na rioscaí a ghabhann le gach cripteashócmhainn nó seirbhís nó gníomhaíocht cripteashócmhainní.

31. Ba cheart catagóiriú cripteashócmhainní agus seirbhísí nó gníomhaíochtaí cripteashócmhainní a úsáideann gnólacht tríú tír a bheith mionsonraithe go leor lena áirithiú nach féidir leas a bhaint as an díolúine i leith sirtheoireacht droim ar ais chun dul timpeall ar na ceanglais údarúcháin faoi Airteagal 59 de MiCA.

32. Anseo thíos tá liosta neamh-uileghabhálach de phéirí cripteashócmhainní nár cheart a mheas gur leis an gcineál céanna cripteashócmhainní a bhaineann siad chun críoch na díolúine i leith sirtheoireacht droim ar ais:

- comharthaí tomhaltóra, comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid;
- cripteashócmhainní nach leis an teicneolaíocht chéanna a stóráiltear nó a aistrítear iad;
- comharthaí ríomh-airgid nach dtagraíonn don airgeadra oifigiúil céanna;
- comharthaí sócmhainn-tagartha atá bunaithe den chuid is mó ar airgeadraí fiat agus comharthaí sócmhainn-tagartha a mbaineann gné nach beag chriptea-airgeadra leo;
- cripteashócmhainní leachtacha agus neamhleachtacha;
- cripteashócmhainní seachas comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid ag a bhfuil tairgeoir neamh-inaitheanta agus cripteashócmhainní

seachas comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid ag a bhfuil tairgeoir inaitheanta.

33. Tabhair faoi deara nár chóir na samplaí thuas a léamh *a contrario*.Mar shampla, i gcás comharthaí ríomh-airgid nach dtagraíonn don airgeadra oifigiúil céanna, ní leis an gcineál céanna a bhaineann siad.Más rud é go bhfuil dhá chomhartha ríomh-airgid ag tagairt don airgeadra oifigiúil céanna, áfach, ní gá go leanann sé gur den chineál céanna iad.Ar an gcaoi chéanna, ní den chineál céanna iad cripteashócmhainní nach stóráiltear ná nach n-aistrítear agus úsáid á baint as an teicneolaíocht chéanna. Ach ní gá gur den chineál céanna iad cripteashócmhainní a stóráiltear nó a aistrítear agus úsáid á baint as an teicneolaíocht chéanna.

# 6. Treoirlínte maidir leis na cleachtais mhaoirseachta chun dul timpeall ar an díolúine i leith sirtheoireacht droim ar ais a bhrath agus a chosc

34. D'fhéadfadh sé go ndéanfadh gnólachtaí tríú tír iarracht dul timpeall ar na ceanglais údarúcháin faoi Airteagal 59 de MiCA ar bhealaí éagsúla agus le cleachtais éagsúla. Tá sé fíorthábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfadh údaráis inniúla dlúthfhaireachán ar ghníomhaíocht gnólachtaí tríú tír ina ndlínsí faoi seach, más ann don ghníomhaíocht sin. Ós rud é gur beag nach ar líne amháin a dhéantar seirbhísí cripteashócmhainní a thairiscint agus a chur chun cinn, ba cheart béim ar leith a leagan ar ghníomhaíochtaí ar líne gnólachtaí tríú tír.

35. Ba cheart d'údaráis inniúla leas a bhaint as ceann amháin nó níos mó de na cleachtais mhaoirseachta a shonraítear sna treoirlínte thíos.

## 6.1 Faireachán a dhéanamh ar eintitis a dhíríonn ar chliaint atá bunaithe nó lonnaithe san Aontas nó atá gníomhach san Aontas (Treoirlíne 1)

36. Féadfaidh údaráis inniúla cuardach a dhéanamh i gcomhair gnólachtaí tríú tír a bhfuil uimhreacha teileafóin acu a thosaíonn le cóid tíre áitiúla, nó i gcomhair seoltaí poist, seoltaí ríomhphoist nó seoltaí suímh gréasáin a léiríonn nó a thugann le fios go bhfuil láithreacht acu, go fíorúil ar a laghad, san Aontas (e.g. URL atá ag críochnú le 'lu', 'de', 'fr', etc.).

37. Féadfaidh údaráis inniúla suirbhéanna ar thomhaltóirí a dhéanamh freisin chun féachaint cé na gnólachtaí a mbaineann tomhaltóirí ina ndlínse úsáid astu le haghaidh seirbhísí cripteashócmhainní.

38. Féadfaidh údaráis inniúla leas a bhaint as uirlisí faireacháin margaíochta, go háirithe iad siúd lenar féidir faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta, toisc go bhféadfaidís léiriú a thabhairt ar na margaí geografacha a bhfuil gnólachtaí tríú tír ag díriú orthu.

## 6.2 Comhoibriú le húdaráis eile (Treoirlíne 2)

39. Féadfaidh údaráis inniúla oibriú i ndlúthchomhar le húdaráis eile (údaráis náisiúnta nó údaráis eachtracha) a bhféadfadh léargas a bheith acu i dtaobh seirbhísí a bheith á

dtairiscint ag gnólachtaí tríú tír sa mhargadh ábhartha. D'fhéadfadh na póilíní agus na húdaráis chánach áitiúla a bheith san áireamh sna húdaráis sin.

## 6.3 Freagairt do ghearáin ó chliaint nó do sceithirí (Treoirlíne 3)

40. Ba cheart d'údaráis inniúla obair leantach a dhéanamh maidir le gearáin ó chliaint nó faisnéis ó sceithirí lena léirítear go bhféadfadh sé go raibh gnólacht tríú tír ag sireadh cliant ina ndlínse.

# Iarscríbhinn – Liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí d'imthosca inar dócha go measfar go bhfuil gnólacht tríú tír ag sireadh cliant san Aontas

Ba cheart na samplaí d'imthosca a luaitear sa tábla a léamh in éineacht leis na Treoirlínte ábhartha.

| Treoirlíne | Tuairisc |
|---|---|
| Treoirlíne 1 | Tá gnólacht tríú tír ag úsáid straitéisí um optamú innill cuardaigh (SEO) a bhaineann le réigiún sonrach nó tír shonrach chun a láithreacht ar líne a bharrfheabhsú agus chun rangú maith a bhaint amach ar leathanaigh torthaí innill cuardaigh (leathanaigh torthaí) cliant ionchasach san Aontas nó leathanaigh torthaí cliant ionchasach i mBallstáit áirithe.<br><br>Is é cuspóir SEO rangú suímh ghréasáin a fheabhsú i dtorthaí innill cuardaigh (neamhíoctha). Má éiríonn go maith le SEO, tagann borradh faoin trácht gréasáin agus cuirtear le tionchar an bhranda. Le SEO atá dírithe ar réigiún sonrach nó tír shonrach, is féidir le gnólacht tríú tír áit níos airde a bhaint amach i leathanaigh torthaí cliant ionchasach san Aontas.<br><br>D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le SEO a bhaineann le réigiún sonrach nó tír shonrach, mar shampla:<br><br>i) fearann barrleibhéil ar cód tíre é a úsáid san ainm fearainn (amhail '.fr', '.es', '.at');<br><br>ii) fearann barrleibhéil cineálach (amhail '.com' nó '.org') agus fochomhadlanna a bhaineann go sonrach le Ballstát ar leith (amhail '.com/fr', '.org/es') a úsáid san ainm fearainn;<br><br>iii) fearann barrleibhéil cineálach a úsáid ach spriocdhíriú geografach a shocrú agus critéir á leagan síos in uirlisí SEO; |

| | |
|---|---|
| | iv) úsáid a bhaint as cothú nasc ar bhonn spriocdhíriú geografach[6] mar chuid dá straitéis mhargaíochta chun trácht a mhealladh ó chliaint ionchasacha atá bunaithe san Aontas (mar shampla, úsáideann gnólacht tríú tír aisnaisc ar shuíomhanna gréasáin ag a bhfuil fearann barrleibhéil nó fochomhadlann a bhaineann le Ballstát sonrach). |
| Treoirlíne 1 | Tá gnólacht tríú tír ag baint úsáid as straitéisí spriocdhírithe gheografaigh chun fógraí digiteacha a chur ar taispeáint, bíodh sé sin ar leathanaigh torthaí nó ar ardáin meán sóisialta, ar fógraí iad atá dírithe ar chliaint ionchasacha san Aontas nó ar chliaint ionchasacha i mBallstáit áirithe. |
| Treoirlíne 1 | Tá suíomh gréasáin nó cuid de shuíomh gréasáin ag gnólacht tríú tír i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais – rud nach gnách i réimse an airgeadais idirnáisiúnta – (nó tá uirlisí aistriúcháin comhtháite ina shuíomh gréasáin) agus ní thugtar le fios go dtagann an gnólacht tríú tír sin ó dhlínse ina n-úsáidtear an teanga chéanna ná go bhfuil cliaint ag an ngnólacht tríú tír sin i ndlínse nach dlínse de chuid an Aontais í agus ina n-úsáidtear an teanga chéanna, nó go bhfuil sé ag díriú ar chliaint ionchasacha i ndlínse den sórt sin. |
| Treoirlíne 1 | Tá gnólacht tríú tír ag déanamh urraíocht ar imeacht spóirt atá dírithe ar an Aontas nó ar Bhallstát, amhail craobhchomórtas náisiúnta nó craobhchomórtas Eorpach. |
| Treoirlíne 1 | Tá gnólacht tríú tír ag atreorú cliaint ionchasacha ón Aontas chuig a shuíomh gréasáin féin trí nasc chuig an suíomh gréasáin sin a chur in ábhar oiliúna nó ábhar oideachasúil. |
| Treoirlíne 1 | Tá grúpa soláthraithe cripteashócmhainní (lena n-áirítear eintitis rialáilte AE agus gnólachtaí tríú tír araon) ag úsáid straitéisí a fhágann nach féidir leis an gcliant idirdhealú a dhéanamh idir tairiscint ó na heintitis rialáilte AE agus tairiscint ó ghnólachtaí tríú tír. |
| Treoirlíne 1 | Tá gnólacht tríú tír ag tabhairt freagra ar fhiosrúchán ó dhuine atá bunaithe san Aontas faoi sheirbhísí nó gníomhaíochtaí nach ndéantar a rialáil faoi |

[6] Is é atá i gceist le cothú nasc ar bhonn spriocdhíriú geografach an cás ina bhfaigheann gnólacht aisnaisc ó shuíomhanna ghréasáin eile laistigh de réigiún geografach. Is éard is aisnasc ann nasc ó shuíomh gréasáin eile chuig suíomh gréasáin an ghnólachta, lena ndeartar trácht gréasáin a atreorú nó a mhealladh ón suíomh gréasáin bunaidh go suíomh gréasáin eile.

| | |
|---|---|
| | MiCA agus úsáideann sé a fhreagraí chun a sheirbhísí nó a ghníomhaíochtaí cripteashócmhainní a mhargú. |
| Treoirlíne 2 | Tá gnólacht tríú tír ag baint úsáid as suíomh gréasáin de chuid cleamhnaí nó gnólacht san Aontas – bíodh sé rialáilte nó ná bíodh – chun a lógó nó aisnasc lena shuíomh gréasáin a chur ar taispeáint nó chun a sheirbhísí nó a ghníomhaíochtaí cripteashócmhainní a chur chun cinn. |
| Treoirlíne 2 | Tá gnólacht tríú tír ag baint úsáid as tionchaire nó cruthaitheoir ábhair atá bunaithe san Aontas, agus ag tabhairt luach saothair dó, chun a chripteashócmhainní nó a sheirbhísí nó a ghníomhaíochtaí cripteashócmhainní a chur chun cinn, nó a phróifíl a chothú, ar na meáin shóisialta nó ar bhealach eile. |
| Treoirlíne 2 | I gcás soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a rialáiltear san Aontas, déanann sé cliaint san Aontas a bhfuil sé beartaithe acu comhartha sócmhainn-tagartha neamhúdaraithe a thrádáil a atreorú chuig an ardán trádála nó an bróicéir atá ag a ghrúpa lasmuigh den Aontas. |
| Treoirlíne 3 | I gcás cliant san Aontas ar mian leis cripteashócmhainn a cheannach, déanann sé teagmháil le gnólacht tríú tír. Suiteálann an cliant san Aontas feidhmchlár móibíleach an ghnólachta tríú tír ar a ghuthán póca chun an cripteashócmhainn sin a thrádáil.<br><br>Dhá lá tar éis an idirbhirt tosaigh, faigheann an cliant san Aontas brúfhógra lena spreagtar é chun dul ar ais chuig feidhmchlár móibíleach an ghnólachta tríú tír chun féachaint cé na cripteashócmhainní atá ag treochtáil, lena n-áirítear cripteashócmhainn nach den chineál céanna í leis an gcripteashócmhainn a thrádáil cliant an Aontais sa chéad áit. |
| Treoirlíne 3 | I gcás cliant san Aontas ar mian leis cripteashócmhainn a cheannach, déanann sé teagmháil le gnólacht tríú tír. Suiteálann an cliant san Aontas feidhmchlár móibíleach an ghnólachta tríú tír ar a ghuthán póca chun an cripteashócmhainn sin a thrádáil.<br><br>Dhá mhí tar éis an idirbhirt tosaigh, faigheann an cliant san Aontas brúfhógra lena spreagtar é chun dul ar ais chuig feidhmchlár móibíleach an ghnólachta tríú tír chun tuilleadh trádála a dhéanamh (brúfhógra faoi phromóisean sealadach, mar shampla). |
| Treoirlíne 4 | I gcás cliant san Aontas ar mian leis comhartha sócmhainn-tagartha a cheannach ar ceann é eisithe ag eisitheoir nach bhfuil údaraithe i gcomhréir |

| | |
|---|---|
| | le Teideal III de MiCA, déanann sé teagmháil le gnólacht tríú tír. Tráth a sholáthraítear an tseirbhís/na seirbhísí cripteashócmhainní ábhartha, déanann an gnólacht tríú tír cineál cripteashócmhainne atá an-difriúil a mhargú leis an gcliant san Aontas freisin nó a thairiscint dó, boinn mhéime, mar shampla. |
| Treoirlíne 4 | I gcás cliant san Aontas ar mian leis comhartha sócmhainn-tagartha a cheannach ar ceann é atá údaraithe san Aontas faoi Theideal III de MiCA, déanann sé teagmháil le gnólacht tríú tír. Tráth a sholáthraítear an tseirbhís/na seirbhísí cripteashócmhainní ábhartha, déanann an gnólacht tríú tír 'boinn mhéime' a mhargú leis an gcliant san Aontas freisin, nó a thairiscint dó. |
| Treoirlíne 4 | Téann duine aonair atá bunaithe san Aontas i dteagmháil le gnólacht tríú tír i ndáil le seirbhís shonrach cripteashócmhainní a sholáthar. Mar fhreagairt air sin, tairgeann an gnólacht tríú tír pacáiste seirbhísí cuachta cripteashócmhainní don duine sin. |